



Scoil Chualann - Polasaí um Chaomhnú Páistí

Scoil Chualann Polasaí Um Chaomhnú Páistí



Réamhráiteas

Tá foireann, tuismitheoirí agus bainistíocht Scoil Chualann tar eis polasaí Um chaomhnú Paistí atá ag teacht leis na moltaí agus na treoirínte reatha a fhorbairt agus a aontú. Pleann an polasaí seo le freagrachtaí na scoile sna réimsí seo a leanas:-

- a) Cosaint - soláthar curaclaim
- b) Nósanna imeachta - nósanna imeachta maidir le hábhair imní/nochtadh eolais
- c) Cleachtas - barrchleachtas um chaomhnú Páistí

Cuirfear cóip den pholasaí seo ar fáil do gach ball foirne mar aon leis an chuid sin de Threoirínte agus Nósanna Imeachta na Roinne Oideachais agus Scileanna um Chosaint Leanáí 2011.

Tá sé mar dhualgas ar an bhfoireann uile iad féin a chur ar an eolas faoi ' Tús Áite do Leanáí ' 2011 agus faoi threoirínte agus nósanna imeachta an ROE um chosaint leanáí.

Aidhmeanna

Is iad na haidhmeanna seo ná:

- Timpeallacht shlán, iontaobhach, fhreagrúil agus comhbhách a chruthú
- Oideachas ar scileanna sábhailteachta pearsanta a dhíríonn go sainiúil ar mhíúsáid a chosaint a chur ar fáil do gach leanbh sa scoil
- Feasacht agus freagracht ar chosaint leanáí a fhorbairt i measc phobal uile na scoile
- Nósanna imeachta don dea-chleachtas a chur i dtreo chun na leanáí agus an fhoireann a chosaint
- A dheimhniú go mbíonn eolas agus tuiscint ag foireann uile na scoile ar na treoirínte thuasluaite agus ar na treoirínte agus na nósanna imeachta maidir le himní nó nochtadh eolais faoi mhíúsáid leanáí a chur in iúl.
- Oiliúint leanúnach a chur ar fáil don fhoireann sa ghnó seo agus i réimsí eile

Cosaint

Is é an clár Bí Sábháilte an príomhfhoinsé a bhíonn in úsáid sa scoil seo chun oideachas a chur ar pháistí maidir le mí-úsáid a chosaint. Tá an clár seo á múineadh mar chuid de churaclam OSPS na scoileanna faoin tsnáithe Sábháilteacht agus Cosaint (Sábháilteacht Phearsanta).

Nuair a chláraíonn tuismitheoirí a bpáiste cuirtear in iúl dóibh go mbíonn an clár Bí Sábháilte in úsáid sa scoil agus cuirtear cóip de Threoirínte na dTuismitheoirí ar Bí Sábháilte ar fáil dóibh.

Déantar ceachtanna foirmiúla an chlár Bí Sábháilte a theagasc go hiomlán mar atá leagtha síos i bplean timthriala dhá bhliana an OSPS.

Déanfaidh an fhoireann gach iarracht a dheimhniú go ndéantar daingniú ar na teachtaireachtaí ata sa chlár aon uair a bhíonn se oiriúnach é sin a dhéanamh.

Déantar an clár 'Bí Sábháilte' a theagasc trí Ghaeilge. Déantar fein mhúinín na bpáistí a fhorbairt agus cuirtear ar a gcumas iad féin a chur in iúl in mBéarla agus i nGaeilge.

Déantar an clár a theagasc ag an am céanna den bhliain i ngach rang. Tugtar cuireadh to dhochtúir teacht chun na scoile chun labhairt le tuismitheoirí i Ranganna V agus VI, agus labhairt freisin le páistí i Rang VI.

Díríonn na hoidí TF/AC ar féin mhuintín an scileanna sóisialta na bpáistí atá faoina gcúram a fhorbairt. Baintear úsáid as 'social stories' chuige seo.

Tacaíonn na cuntaíri riachtanais speisialta leis an polasaí um chaomhnú páistí, ní hamháin sa rang agus sa chlós ach freisin ar thurais scoile, snámh, spoirt agus imeachtaí eile.

Cleachtais:

Leanfaidh an fhoireann go léir (múinteoirí, cuntaíri riachtanas speisialta, foireann tacaíochta, rúnaíochta, feighlíochta srl.) sa scoil seo na moltaí don tuairisciú ar ábhair inmí nó ar nochtadh eolais mar atáluaite I 'Tús Áite do Leanaí' agus i ndoiciméad na Roinne Oideachais agus Scileanna, 'Nósanna Imeachta maidir le caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile 2011.

Tá Bord Bainistíochta na scoile seo tar éis Carmel Ní Ghairbhín, Príomhoide a cheapadh mar Dhuine Ainmnithe Idirchaidrimh (DAI) agus Sinéad Ní Chréan-Loinsigh, Príomhoide Tánaisteach mar leas-Dhuine Ainmnithe Idirchaidrimh.

Nósanna Imeachta:

Aithníonn foireann agus bord bainistíochta na scoile na réimsí seo a leanas mar réimsí inmí i leith cosaint leanaí.

- a) Teagmháil fhisiceach
- b) Cuairteoirí/Aoichainteoirí
- c) Leanaí a bhfuil cúnaimh leithris/riachtanais cúram pearsanta
- d) Timpistí
- e) Teagasc duine ar dhuine
- f) Éadaí a athrú do Chluichí/Corpoideachas/Snámh
- g) Earcú agus roghnú na foirne
- h) Iompar ginearálta
- i) Feitheoireacht na ndaltaí
- j) Úsáid idirlín – Polasaí Úsáid Inghlactha – Grianghraif, Daltaí a aithint etc.

Cé go ndéanfar gach iarracht cloí leis an gcleachtas is fearr, de réir mar atá aontaithe thuas, má tharlaíonn i gcás éigeandála nach mbíonn sé indéanta ná praiticiúil an cleachtas aontaithe a leanúint ba choir cuntas iomlán den eachtra a chlárú agus a chur in iúl don phríomhoide agus do na tuismitheoirí.

Naisc le polasaithe eile/le réimsí pleanála:

Cosaint: Curaclam OSPS, Snáithaonad 'Sábháilteacht agus Cosaint',
Cód disciplin na scoile

Nósanna Imeachta: Cód Iompair
Ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta

Cleachtas: Polasaí don Snámh
Turais Scoile/Imeachtaí Iasmuigh
TEC – Polasaí Úsáide Inghlactha

Ráiteas Scoile:

Tagann an pholasaí seo leis an Ráiteas Scoile.

Is mian linn atmaisféar sona sábháilte a chothú do pháistí agus do phobal uile na scoile.

Déanaimid ceiliúradh ar bhuanna a chéile agus tógaimid arna buanna sin.

Tá forbairt iomlán an pháiste mar aidhm againn i Scoil Chualann.

Modh Oibre:

1. Cuireann an fhoireann cúis inní in iúl don DCA.
2. Coinnítear taifead, sínithe agus an dáta.
3. Cuirtear in iúl do na tuismitheoirí/caomhnóirí – nuair is gá.
4. Rachaidh an DCA i gcomhairle go neamhfhoirmiúl le hoibrí sóisialta.
5. Más gá an FSS a chur ar an eolas, is gá é sin a chur in iúl roimhré do na tuismitheoirí/caomhnóirí.
6. Comhlánófar foirm HSE agus coinneofar cóip in áit shábháilte

Nochtadh Eolais:

Má nochtan leanbh eolas

1. Éisfear leis na bpáiste
2. Seachnófar ceisteanna a lorgódh eolas
3. Ní geallfar go gcoinneofar rún.
4. Is gá fanacht socair agus miniú don pháiste céard a tharlóidh ansin.
5. Cuirfidh an DCA tuairisc ag an FSS. Déanfar an tuairisc a thaifeadadh. Bainfear úsáid as cláruimhir an pháiste. Coinneofar an t-eolas i gcomhad san oifig. Cuirfear tuismitheoir/caomhnóir ar an eolas.
6. Tuairiscigh don FSS – duine ainmnithe – de réir an pholasaí.
7. Déan an tuairisc a thaifeadadh.
8. Tuismitheoir/caomhnóir a chur ar an eolas.

Taifid agus a gCoimead

Ról an Duine Ainmnithe Idirchaidrimh:

1. A chinntiú go leanfar na treoracha atá leagtha síos sa pholasaí.
2. A chinntiú go bhfuil an fhoireann ar an eolas.
3. Teagmháil le foireann, tuismitheoirí/caomhnóirí, páistí agus na heisinteachtaí cuí.
4. Déileáil go stuama, tuisceanach le nochtadh eolais.
5. Taifead a choinneáil ar: Cúis inní

Nochtadh eolais

Tuairiscí do HSE/Gardaí

Gníomhú

6. Is féidir teach tar an duine ainmnithe ag Scoil Chualann 01-2861388.
7. 'Sé an té atá ainmnithe an teangmhálaí idir an scoil agus an FSS ná Carmel Ní Ghairbhín (Príomhoide)

Athbhreithniú agus Monatóireacht

Déanfaidh an Bord Bainistíochta monatóireacht agus athbhreithniú ar an bpolasaí go tráthrialta agus an amanna eile de réir mar a oireann.

Iarrtar ar an fhoireann an polasaí scoile sa réimse seo a athbhreithniú go tráthrialta agus déanfar gach iarracht a dheimhniú go ndéanfar aird gach ball foirne nua a dhíriú ar pholasáí na scoile um chaomhnú páistí.

Deimhneoidh an bord bainistíochta go gcuirfear soláthar cuí oiliúna agus tacaíochta ar fáil don fhoireann.

An polasaí glactha ag an mBord Bainistíochta Scoil Chualann 19/10/11

Sínithe: Muiris Ó Suilleabháin
Cathaoirleach _____

Carmel Ní Ghairbhín
Príomhoide _____

Sinéad Ní Chréan-Loinsigh
Príomhoide Tánaisteach _____